Craobh eoluis teisd tigherna

[Greene, David: *Duanaire Mhéig Uidhir*, Dublin, 1972, poem 8]

1 Craobh eoluis teisd tigherna
teisd dana cóir comhumhla;
gnáth bladh a ndiaigh deghanma
biaidh gan chradh dá chomhurdha.

2 Eol do-chóidh tar caolshlighidh
eoluis róid nach raonnduiligh;
rian ríogh ag gach énfhilidh
ag triall ó shíol tsaorUidhir.

3 A thoil nach uair inshiobhail
sgol gá buain do bharamhail,
ní mall dí riar roirighin
cliar is gan hí ac anamhain.

4 Le gaoith gliadh do hinnsoighedh
laoich le triall nár toirrsighedh,
gur bhéim don tóir tiomsughadh
ní dóibh féin nár foillsighedh.

5 Sí ag féin Éirne ionchosnaimh
d’éis éirghe na ferchonsain,
ben Da Thí ar tí an Mhanchoidhsin
do-chí nach ní nemhchosmhail.

6 Nach ttarla ar tí imeirce
fríth do tharbha a throimsheirce;
fiú réir ar cCon Connachtne
dol don chléir ar coimeirce.

7 Cocur chaithmhe an-óiridhibh
sgol aca na n-aoinfheraibh;
bac suain ar tsíol tsaorUidhir
fán díol nach uair d’aoidhedhaibh.

8 Tóir d’omhan a oirbheire
lá troda ’na dtromluidhe;
dá luaithe ar áth n-iorghoile
luaithe cách ’na ccomhnoighe.

9 Snadhmadh sídh nár dhoidhénaimh
bráighde a ccrích gá ccomháiriomh,
géill ar áth dob ainiarraidh
is cách féin gá bhfoláiremh.

10 Gé fuair sí riar rodhoiligh
a triall níorbh í a baramhail;
créd an chiall fár cheiliobhair
cliar nár fhéd gan anamhain ?

11 Líon ágha um Cholt cruinneochaidh
do chor chána ar fhinniathoiph;
Mág Uidhir ar anndúthaigh
luighidh ar Fhád bhfionnFhiachaigh.

12 Seal aca ar gach aonfhoghail
gasraidh na ccleth ccrórighin;
téid críoch ó fhréimh rìghUidhir
a díoth féin gá fóirighin.

13 Líon cen tríthe ag troimshiobhal
cradh críche gur cruinnshireadh;
gerr do len d'fhóir fhiondUladh
le tóir - cedh far cruinnighedh?

14 Gur lór d'fhoghlaim d'fhiledhaibh
t'fhoghlaim leo gá lenamhain;
ceilidh sí ar chléir comhadhaigh
a mbí gud t'fhéin d'ealadhoin.

15 Lúth th'eachra im ród ríghdhúnaidh
fód faithchi do thaoibhmhínigh;
benaidh luas h'eich óirshrianaigh
a cnuas don chleith chaoillínigh.

16 Réir cáinti mur cruinnighe
ar t'fhéli atá a tendoire;
téid sé dár ccrú Collaine
gidh bé clú nach ccendoighe.

17 Téighe d'athchur iorghoile
d'éis glanta do ghoirmshleighe.
grís ag gabháil ghallbhaile
a-rís d'anáil th'oirbheire.

18 Luath ad dhiaigh síol sengUidhir
ar rígh 'na mian maillshiobhail
lá ar áth rú do-rinneabhair
clú do chách 'na chailleamhain.

19 Gan tóir ar t'fhéin inndénaimh
a ré dóibh níor dhiombuanaidh;
omhain gredh réd gheallúirigh
ac cobhair fher n-iombualaidh.

20 Sgol cháich ort ní hionaithbhir
gé atá a dtol do roidheithbhir;
do chliar féin ní fuirighther
le riar do chléir choimhighthigh.

21 Gerr leibh laithe grianshamhraidh
at treibh shlaitghil shluaghshuirghigh;
sgol dá chéili ad cheoladhbhaidh
ac cor chéilli a ccruadhfhuighlibh.

22 Do lámh le loinn nuaghontar
ac boing cnámh a caoinsheicnibh;
cóig luirg ód bhois mbánaltaigh
a ccois an chuilg chaoilleitrigh.

23 Críoch ag drud re daingneachaibh
ar ndul dí fád deghbhrethaibh,
nír sgar t’fhian re hainbhrethaith
ar ccar giall a ngeimhleachaibh.

24 Cóir ó chrích gur ghabhabhair
a ndóigh díola daighfhileadh;
buaidh ar fhíon dár ibheabhair
ar síodh d’uaim nír hairighedh.

25 Iath múrghlas as mhaghaoibhne
nach iarr dá thúr tiogháirghe;
go har oirir tsenÉirne
bladh oirimh nírbh ionáirmhe.

26 Lindte ó mhil ar mínshiobhal
fa bhfillter fiodh fiarroigheal;
claon doire do dírighedh
le saor goile um ghrianoirer.

27 A róid réidhe roidhírghe
óssda gréine ar ngeiléirghe;
beith slán d’fhior ní hionáirmhe
lámh re sriobh na seinÉirne.

28 A ndiaigh cáich do chruinniughadh
co gliaidh nírbh áil ainndeibhedh;
ar tsir gleo ar féin fionnUladh
as leo féin do faillighedh.

29 Géill rígh re a ccois cengailte
sgol do chrích gur comairce;
cliar ní fhoil gan imeirce

ac triall ór cCoin Chonnaichtne.

30 Fiú a bhfuair ó rígh ríghoirir
buain brígha as a bhuanfhalaidh;
cosc diomdhadh shíl thsaorUidhir
tír biodhbhadh fa bhuannadhaibh.

31 Braiter serc mná mínbhaisi
an tráth do ghabh géirdheissi;
toil mná féin a fiadhnaisi
mur tá don fhéin Éirnissi.

32 Laoich thoghtha ’na dtromesair
re taoibh troda a bhfinndeisibh;
sgeoil áigh an chrú Collasin
a cclú as fháidh gá indisin.

33 Síol cCuinn d’fhógra iorghaile
ac buing Fhódla d’ainbhine;
fiú omhain fher n-oirbhire
sreabh domhain gur daighshlighe.

34 Críoch uatha ’na hénndoighir
ar sníomh ruaidhshleagh róirighin;
bac áigh ar fhréimh ríghUidhir
ní dáibh féin as fóiridhin.

35 Crú Uidhir as ionmholta
clú thuillid a dtoirbherta;
clú cáigh uaidh is ionreactha
dáibh an uair as oirdherca.